Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/901

22.3.2024

**CINNEADH (AE) 2024/901 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 12 Márta 2024**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/2359 lena nglactar rialacha inmheánacha maidir le srianta ar chearta na n-ábhar sonraí i ndáil le feidhmiú inmheánach an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE/2022/42) *(BCE/2024/9)***

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 11.6 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 25 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(4) de Chinneadh (AE) 2022/2359 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/42) ní mór ([2]) cinneadh a dhéanamh srian a chur le cearta ábhair sonraí atá le glacadh ag an rialaitheoir ar leibhéal cheann nó leascheann an limistéir gnó ábhartha ar ina réimse gnó a dhéantar an phríomhoibríocht phróiseála a bhaineann leis na sonraí pearsanta.

(2) Ní shonraítear in Airteagal 3(4) de Chinneadh (AE) 2022/2359 (BCE/2022/42) na himthosca inar cheart cinneadh den sórt sin srian a chur le cearta ábhair sonraí a dhéanamh ar leibhéal leascheann den sórt sin. Ba cheart a shoiléiriú, dá bhrí sin, gur cásanna iad sin nach bhfuil ceann an limistéir gnó ábhartha ar fáil (mar shampla, má tá sé nó sí ar saoire bhliantúil nó bhreoiteachta), nó ina bhfuil coinbhleacht leasa iarbhír nó coinbhleacht leasa ann, nó ina bhfuil rochtain aige nó aici ar fhaisnéis ábhartha rúnda.

(3) Thairis sin, le hAirteagal 3(4) de Chinneadh (AE) 2022/2359 (BCE/2022/42), ní mheastar cás réimse gnó nach bhfuil aon leascheann aige. Ba cheart a shoiléiriú i gcás den sórt sin agus i gcás nach bhfuil ceann an limistéir gnó ábhartha ar fáil, nó i gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa ann nó coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann, nó ina bhfuil rochtain aige ar fhaisnéis ábhartha rúnda, gur cheart cinneadh a dhéanamh chun cearta ábhair sonraí a shrianadh ar leibhéal an bhainisteora líne atá inniúil sna himthosca chun é sin a dhéanamh.

(4) Ar deireadh, ní shonraítear in Airteagal 3(4) de Chinneadh (AE) 2022/2359 (BCE/2022/42) an leibhéal ar a bhfuil cinneadh le déanamh maidir le srian a chur ar chearta ábhair sonraí i gcás feidhm nach leithdháiltear ar réimse gnó. Ba cheart a shoiléiriú gur cheart cinneadh den sórt sin a dhéanamh ar leibhéal shealbhóir na feidhme ina ndéantar an phríomhoibríocht phróiseála a bhaineann leis na sonraí pearsanta. Baineann an soiléiriú sin, go háirithe, le feidhm an Oifigigh Cosanta Sonraí agus leis an bPríomhaonad Eagraíochtúil maidir le Feidhm na Seirbhísí Rialachais agus Claochlaithe.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2022/2359 (BCE/2022/42) a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) Cinneadh (AE) 2022/2359 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Samhain 2022 lena nglactar rialacha inmheánacha maidir le srianta ar chearta na n-ábhar sonraí i ndáil le feidhmiú inmheánach an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE/2022/42) (IO L 311, 2.12.2022, lch. 176).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2022/2359 (BCE/2022/42) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar cinneadh chun srian a chur ar chearta ábhair sonraí de bhun mhír 1 a bheidh le glacadh ag an rialaitheoir ar leibhéal cheann nó leascheann an limistéir ghnó ábhartha ar ina réimse gnó a dhéantar an phríomhoibríocht phróiseála a bhaineann leis na sonraí pearsanta. Más rud é go ndéantar an phríomhoibríocht phróiseála sin le feidhm nach gcuid de limistéar gnó í, déanfar cinneadh den sórt sin ar leibhéal shealbhóir na feidhme.’;

(2) cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. Chun críocha mhír 4, i gcás nach bhfuil ceann an limistéir gnó ábhartha ar fáil de dheasca é a bheith as láthair, nó i gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa aige nó coinbhleacht leasa atá ann nó coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann, nó i gcás ina bhfuil rochtain aige ar fhaisnéis rúnda ábhartha, is é leascheann an limistéir ghnó ina ndéantar an phríomhoibríocht phróiseála a bhaineann leis na sonraí pearsanta a dhéanfaidh an rialaitheoir chun srian a chur ar chearta ábhair sonraí de bhun mhír 1.

I gcás nach bhfuil aon leascheann den sórt sin ann, is é an bainisteoir líne atá inniúil chuige sin a dhéanfaidh cinneadh den sórt sin i gcás neamhláithreacht, coinbhleacht leasa nó rochtain ar fhaisnéis rúnda ábhartha cheann an limistéir gnó ábhartha.”.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 12 Márta 2024.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE